# THÓG MÉ PICTIÚR DE MO CHARA AGUS BA MHAITH LIOM É A ROINNT... CAD A DHÉANFAIDH MÉ ANOIS?

**1. AN PICTIÚR MAITH É?** IS EA | NÍ hEA

*Bí bródúil as na pictiúir a roinneann tú le daoine eile! Ná taispeáin ach an chuid is fearr acu.*

**2. AN mBEADH MO CHARA AR AON TUAIRIM LIOM?** BHEADH | NÍ BHEADH

*Bí go deas. Níor mhaith leat go gcraobhscaoilfeadh do chara pictiúr díotsa, ar mhaith?*

**3. AN bhFÉADFADH SÉ TRIOBLÓID A THARRAINGT AR MO CHARA?** D'FHÉADFADH | NÍ FHÉADFADH

*Ná postáil aon phictiúir a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh duit féin ná do do chairde. Ní bheadh a fhios agat cé a d'fheicfeadh iad.*

**4. AN mBEIDH RÍRÁ ANN MAR THORADH AIR?** BEIDH | NÍ BHEIDH

*Ní fiú é a phostáil, mar sin. Dáiríre.*

NÍ MISTE LE MO CHARA, MAR SIN, ACH CONAS A RACHADH SÉ I bhFEIDHM ORM FÉIN?

**5. AN dTUIGIM GUR FÉIDIR LE DUINE AR BITH É A ROINNT?** TUIGIM | NÍ THUIGIM

*Is fíor gur féidir. Aon rud a phostálann tú ar líne, is féidir é a shábháil, a chóipeáil agus a roinnt le líon mór daoine anaithnide.*

**6. AN mBEINN SÁSTA DÁ bhFEICFEADH MO MHAMÓ É?** BHEINN | NÍ BHEINN

*Má cheapann tú go gcuirfeadh sé náire ar do mhamó, tá seans maith ann go gceapfaidh duine éigin eile freisin go bhfuil sé míchuí.*

**7. BLIAIN Ó INNIU, AN mBEIDH MÉ SÁSTA GUR CHUIR MÉ OS COMHAIR AN PHOBAIL É?** BEIDH | NÍ BHEIDH

*Ná déan é má tá amhras ort. Beidh tú buíoch díot féin amach anseo.*

MAITH THÚ! IS LÉIR GO nDÉANANN TÚ FÉINMHACHNAMH SULA gCUIREANN TÚ TÚ FÉIN IN IÚL AR LÍNE. MAR SIN ...


## SEO LEAT! ROINN & BAIN SULT AS!

Le haghaidh breis eolais agus acmhainní mar gheall ar an tsaoránacht dhigiteach tabhair cuairt ar www.commonsense.org/educators



© 2012 www.commonsense.org

# NELSON MANDELA - AMLÍNE (1918 - 2013)



**1918**
Rugadh Rolihlahla Mandela. Thug duine dá mhúinteoirí an t-ainm Nelson air nuair a bhí sé 7 mbliana d'aois.

**1940**
Caitheadh Mandela amach as an ollscoil toisc go raibh sé ina cheannaire ar agóid de chuid na mac léinn.

**1944**
Bhí páirt ag Mandela i mbunú Léig Óige na Comhdhála Náisiúnta Afracaí.

**1948**
Tháinig an Páirtí Náisiúnta i gcumhacht agus thug siad isteach an Córas Apartheid.

**1951**
Toghadh Mandela mar Uachtarán ar Léig Óige na Comhdhála Náisiúnta Afracaí.

**1960**
Sléacht Sharpeville: mharaigh na póilíní 69 duine a bhí ag agóid go síochánta. Cuireadh cosc ar an ANC. Chuaigh Mandela ar a sheachaint agus bhunaigh sé grúpa míleata faoi thalamh.

**1962**
Ciontaíodh Mandela agus gearradh 5 bliana príosúin air as an tír a fhágáil gan phas agus as oibrithe a ghríosú chun stailce.

**1964**
Gearradh príosúnacht saoil ar Mandela as sabaitéireacht agus as comhcheilg chun an rialtas a threascairt.

**1990**
Saoradh Mandela as an bpríosún.

**1994**
Tionóladh an chéad toghchán daonlathach san Afraic Theas. Toghadh Mandela mar an chéad Uachtarán gorm.

**2004**
In aois 85 bliain dó, d'éirigh Mandela as an saol poiblí.

**2013**
Ar 5 Nollaig, fuair Nelson Mandela bás sa bhaile. Bhí sé 95 bliain d'aois.



Curtha in oiriúint ó: www.nelsonmandela.org/content/page/timeline

**I ndiaidh sceimhle an Dara Cogadh Domhanda, bhí rún ag muintir na hEorpa a chinntiú nach scriosfaí a dtíortha dúchais i gcogadh go deo arís.**

**In ionad a bheith in iomaíocht lena chéile, bheartaigh an rialtas i sé cinn de na tíortha comhoibriú i gcúrsaí trádála agus geilleagair.**

**Rinne siad a gcuid áiseanna guail agus cruach - na hamhábhair chun airm a dhéanamh - a chomhthiomsú agus ba lú an baol cogaidh a bhí ann mar gheall air gur chuir siad muinín ina chéile mar pháirtithe trádála.**



## Bratach na hEorpa

**Seasann an 12 réalta i gciorcal do na hidéil comhaontú, dlúthpháirtíocht agus comhréiteach i measc phobail na hEorpa.**



## Aintiún na hEorpa

**Tógadh an fonn as an Naoú Siansa le Beethoven. Nuair a úsáidtear mar aintiún na hEorpa é, ní ghabhann focail leis.**

# AN tAONTAS EORPACH

**28 tír – 500 milliún duine**



## Aontaithe san éagsúlacht

**Seo é mana an AE.**



## Lá na hEorpa, 9 Bealtaine

**Ar 9 Bealtaine 1950, chuir Aire Gnóthaí Eachtracha na Fraince, Robert Schuman, na hidéanna atá mar bhun leis an Aontas Eorpach chun cinn den chéad uair. Mar sin, déantar lá breithe an AE a cheiliúradh ar 9 Bealtaine.**

**Bhunaigh rialtais náisiúnta an AE mar bhealach le teacht ar réiteach maidir le gníomhartha comhchoiteanna i réimsí inar fearr go mbeadh tíortha ag obair le chéile, seachas gach tír a bheith ag obair léi féin.**



Curtha in oiriúint ó: http://europa.eu

Roghnaigh airgeadra: £GPB/€EURO

WWF

**CISTE FIADHÚLRA AN DOMHAIN**

Déan teagmháil le WWF

Cuir glaoch orainn, le do thoil, ag 0844 736 0036 (8 a.m. – 10 p.m., 7 lá na seachtaine) más fearr leat an t-uchtú a dhéanamh ar an bhfón.



## Uchtaigh tíogar >>

**Le 100 bliain anuas, tá líon na dtíogar fiáin tithe de thart ar 95%, síos go dtí 3,200 tíogar. Cuidigh linn todhchaí an chait mhóir is mó ar domhan a chosaint.**

### Do phaca uchtaithe tíogair:



Bréagán bog (roghnach)



Na hirisleabhar *My Tigers* agus *Wild World* 3 huaire sa bhliain



Leabhar fíricí, teastas, leabharmharcanna, greamáin agus tuilleadh

### Conas atá tú ag cuidiú leis na tíogair

- ✔ Codanna den ghnáthóg atá scartha amach óna chéile a cheangal le chéile arís chun gur féidir leis na tíogair gluaiseacht ó áit go háit
- ✔ Níos mó patról i gcoinne na póitseála a chur ar siúl mórthimpeall ar anaclanna dúlra
- ✔ Cláir a bhunú chun líon na gcreach a mhéadú
- ✔ An phóitseáil agus trádáil neamhdhleathach na dtíogar agus bhaill choirp an tíogair a laghdú
- ✔ Cabhróidh do chuid tacaíochta freisin chun obair riachtanach eile atá ar siúl ag WWF ar fud an domhain a mhaoiniú.

Is féidir leat Kamrita, tíogar Beangálach baineann, a uchtú. Tá Kamrita ar cheann den 150 tíogar Beangálach deireanach atá fágtha i Neipeal. Tá Kamrita ina hionadaí do na tíogair go léir a gcabhraímid leo.

**Roghnaigh suim in aghaidh na míosa**

- ○ €3
- ◉ €5
- ○ €10
- ○ € ______ Eile

**Uchtaigh anois »**

☐ bronntanas é seo

An fearr leat íocaíocht aonuaire a dhéanamh?

### Breis eolais mar gheall ar na tíogair

Maireann sé fhospeiceas tíogair: an tíogar Amúrach (Sibéarach), an tíogar Beangálach (Indiach), an tíogar Ind-Síneach, an tíogar Malaech, an tíogar Sumatrach agus tíogar na Síne Theas.

Tá trí fhospeiceas eile díothaithe anois: tíogar Bhali, an tíogar Caispeach agus an tíogar Iávach.

### Roinnt rudaí a bhíonn ag bagairt ar thíogair:

- Póitseáil le haghaidh an chraicinn agus le haghaidh baill choirp a úsáidtear i gcógais thraidisiúnta de chuid na hÁise;
- I gceantair áirithe, cuireann an t-athrú aeráide brú ar thimpeallacht an tíogair freisin. De réir a chéile, tá na tíogair á dtiomáint isteach i bpaistí beaga scaipthe den ghnáthóg atá fós ann, áit ar mó an baol ann go mbéarfadh tinte agus dainséir eile orthu;
- Caillteanas gnáthóige mar thoradh ar an bhfeirmeoireacht, ar ghearradh foraoisí le haghaidh thrádáil an adhmaid agus ar fhorbairt an duine.



Curtha in oiriúint ó: https//support.wwf.org.uk